An Coimisiún Eorpach

# **Simone Veil:** Duine a tháinig slán as an Uileloscadh agus a bhí ar an gcéad Uachtarán mná ar Pharlaimint na hEorpa (1927-2017)




*Dlíodóir, polaiteoir agus feimineach ab ea Simone Veil agus bhí sí ina hAire Sláinte sa Fhrainc idir 1974 agus 1979. Sa bhliain sin ceapadh í ina feisire de Pharlaimint na hEorpa agus toghadh í mar Uachtarán na Parlaiminte. D'fhan sí sa ról sin go dtí 1982. D'fhág sin gurbh í an chéad Uachtarán í den chéad Pharlaimint a toghadh go díreach agus gurbh í an chéad Uachtarán mná í.*

*Tá cáil ar leith ar Veil sa Fhrainc as an nginmhilleadh a dhéanamh dleathach agus as beatha na mban agus dálaí na gcimí a fheabhsú. Anuas air sin, tá clú uirthi ar fud na hEorpa as a chinntiú go ndéanfaí na Giúdaigh a maraíodh le linn an Uileloiscthe a urramú agus a choimeád inár gcuimhne, agus as a diongbháilteacht i leith luachanna agus aontacht na hEorpa. Tá ardmheas uirthi as ucht a misneach pearsanta agus a misneach i réimse na polaitíochta óir is duine í a tháinig slán as an sluachampa géibhinn Auschwitz-Birkenau.*

*Na heachtraí thrámacha a bhain di le linn a hóige sa Dara Chogadh Domhanda a ghríosaigh í chun oibre ar son Eoraip Aontaithe, agus chaith sí a saol ag cur na cúise sin chun cinn.*

## Luathshaol

Ar an 13 Iúil 1927 a rugadh Simone Jacob i dteaghlach Giúdach in Nice na Fraince. Gabhadh í agus a clann in 1944 agus cuireadh iad chuig na sluachampaí géibhinn Naitsíocha ag Auschwitz-BIrkenau, Bobrek agus sa deireadh thiar thall ag Bergen-Belsen. Cé gur tháinig sise agus a beirt deirfiúracha slán, fuair a tuismitheoirí agus a deartháir bás sna sluachampaí. D'fhill sí ar Pháras i mí na Bealtaine 1945 gur thosaigh sí ag staidéar an dlí agus na eolaíochta polaitiúla. Phós sí Antoine Veil in 1946.

## Saol Polaitiúil

Rinneadh giúistís di agus ar an mbonn sin a chuir sí comhairle ar airí dlí agus cirt éagsúla, François Mitterand san áireamh. In 1970 ceapadh í mar an gcéad Ard-Rúnaí mná sa *Conseil supérieur de la magistrature (An Chomhairle Ghiúisteachta*). De réir na tseanchais, nuair a toghadh Valéry Giscard d'Estaing mar Uachtarán na Fraince i mí Aibreáin 1974, chuaigh sé go teach Antoine Veil agus é mar rún aige a iarraidh air a bheith mar fheisire ina rialtas úr. Chinn sé ar an bpointe boise gan Antoine a ainmniú ach a bhean chéile Simone a ainmniú ina áit.

Chuaigh sí isteach i rialtas Giscard d'Estaing mar Aire Sláinte. Go luath i ndiaidh a ceapacháin, d'fhear sí cath géar chun an ginmhilleadh a dhéanamh dleathach sa Fhrainc. Ní raibh rath uirthi ach amháin nuair a thaobhaigh an freasúra sa chomhthionól náisiúnta léi gur cuireadh an dlí siar ar a céilí comhraic in 1975. Measadh gur chéim mhór chun tosaigh a bhí ann agus *la loi Veil* a tugadh ar an dlí go forleathan ina dhiaidh sin.

## Eoraip aontaithe ina rún daingean

Agus í ina duine a tháinig slán as an Uileloscadh, bhí sé deacair aici a thuiscint conas arbh fhéidir le tír san Eoraip cogadh a fhearadh ar thír Eorpach eile. De réir mar a bhí a gairm bheatha pholaitiúil sa Fhrainc ag eirí léi, is ea is mó a chuaigh an fhís chun cinn aici d'Eoraip nárbh fhéidir na huafáis sin tarlú inti riamh arís. Mar

sin de, in 1979, nuair a d'iarr Giscard d'Estaing ar Veil a bheith in airde liosta iarrthóirí a pháirtí sa chéad toghchán díreach do Pharlaimint na hEorpa, is í a thapaigh an deis go fonnmhar.

Toghadh Veil go cuí ar Pharlaimint na hEorpa, gur roghnaigh an Pharlaimint mar Uachtarán í, agus go ndearnadh di ceannaire ar an gcéad Pharlaimint na hEorpa ar toghadh go díreach í agus an chéad bhean ag ceann Institiúide de chuid an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, bhí sí ina cathaoirleach ar an gcoiste um ghnóthaí dlíthiúla agus ina comhalta de choiste an chomhshaoil, den choiste gnóthaí polaitiúla, den choiste gnóthaí eachtracha, den choiste slándála, agus den fhochoiste um chearta an duine. Anuas air sin, bhí sí ina comhalta den choiste speisialta um athaontú na Gearmáine a bunaíodh in 1990.

Sa bhreis air sin, le linn na tréimhse a chaith sí sa Pharlaimint, bhí sí ina cathaoirleach agus ina leas-chathaoirleach ar an nGrúpa Liobrálach Daonlathach, as ar eascair An Grúpa Liobrálach, Daonlathach agus Leasaitheach ina dhiaidh sin. In 1981, bronnadh an duais Charlemagne uirthi, onóir a thugtar do dhuine as ucht a n-iarrachtaí ar son aontacht na hEorpa.

## Na blianta deireanacha

In 1993, tar éis di 14 bliana a thabhairt i bParlaimint na hEorpa, d'fhill Veil ar shaol pholaitiúil na Fraince agus bhí sí ina hAire Stáit agus ina hAire um Shláinte agus Gnóthaí Sóisialta go dtí 1995. In 1998, ceapadh í ina comhalta de Chomhairle Bhunreachtúil na Fraince. Ó 2001 go 2007, bhí sí ar an gcéad uachtarán ar an *Fondation pour la Mémoire de la Shoah* (Fondúireacht um Chuimhne ar an Uileloscadh). In 2005, chuaigh sí i mbun feachtasaíochta ar son an chonartha ag bunú Bunreachta don Eoraip.

In 2008, tráth a toghadh í ar an *Académie Française*, agus í ar an dornán ban ar bronnadh an onóir sin orthu, greanadh, arna iarraidh sin di, trí ráiteas ar an gclaíomh searmanais a dhéantar go speisialta do gach comhalta den acadamh. Seo hiad na trí ghreanadh sin: an uimhir a cuireadh ina tatú uirthi in Auschwitz, 78651; mana Phoblacht na Fraince, "Saoirse, Comhionannas, Bráithreachas"; agus mana an Aontais Eorpaigh, "Aontaithe san Éagsúlacht".

In 2011, baisteadh Agora Simone Veil ar an esplanade os comhair phríomhfhoirgneamh Pharlaimint na hEorpa sa Bhruiséil chun í a urramú, agus in 2012 bronnadh Cros Mhór an *Légion d'honneur* uirthi. Nuair a fuair Veil bás an 30 Meitheamh 2017, thug Antonio Tajani, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa ardmholadh di agus is mar seo a chuir sé síos uirthi: "*Uachtarán mór Pharlaimint na hEorpa, coinsias an Aontais Eorpaigh, feachtasóir i gcoinne an fhrith-Shemíteachais agus cosantóir chearta na mban. An teachtaireacht a thug sí i dtaobh na mban agus an fhrith-Shemíteachais, tá sí chomh ábhartha céanna inniu is a bhí sí riamh*". I mí Iúil 2018 cuireadh a taisí sa Mhásailéam Panthéon i bPáras. Ba í an cúigiú bean í ar ar bronnadh an onóir sin.



*Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Simone Veil, agus í i mbun comhrá le Altiero Spinelli in 1981.*